

Scannal Priory Hall

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc faoi na daoine a cheannaigh árasáin in Priory Hall. An bhfuil aon ní ar eolas agat faoin scéal seo? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc cúpla uair agus pléigh féin agus an duine in aice leat na ráitis seo. Ansin, abair an bhfuil siad fíor nó bréagach.

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. Tá áitritheoirí Priory Hall i mBaile Átha Cliath chun lóistín agus airgead a fháil.	
2. Tá díscríobh ar mhorgáistí mar chuid den phlean a cuireadh faoina mbráid.	
3. Ba sa bhliain 2011 a fuarthas amach go raibh guais dóiteáin ag baint leis na hárasáin.	
4. Thóg an forbróir Tom McFeely na hárasáin i nDomhnach Míde.	
5. Bhí ar 150 teaghlach bogadh amach as na hárasáin.	
6. Tá ar na háitritheoirí a morgáistí a íoc cé nach bhfuil siad ina gcónaí san áit.	
7. Is iad na comhairleoirí dlí agus airgeadais a leag síos an moladh.	
8. Tá cúpla banc chun glacadh leis na morgáistí mar chásanna speisialta.	
9. Níl aon tagairt déanta do chúiteamh, mar gheall ar an strus a cuireadh orthu.	

Ceist 3 Anois éist leis an tuairisc arís. Bhí an leagan Gaeilge de na frásaí seo le cloisteáil inti. An féidir leat iad a aimsiú?

1. *inhabitant.*
2. *they are considering.*
3. *was submitted to them.*
4. *write off mortgages.*
5. *hazard.*
6. *temporary accommodation.*
7. *advisors.*
8. *exceptional cases.*
9. *unanimous.*
10. *compensation.*

Ceist 3 ‘...an forbróir...’

A. Líon na bearnaí sa bhosca.

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
An bord An cat	An bhean An g_ _ rian
An t-uisce An _ am	An aois An áit
An siúcra An siúinéir	An tsráid An _ saoire

B. Breac síos difríocht amháin idir na focail sa cholún ar chlé agus na focail sa cholún ar dheis, i ngach bosca.

C. Féach ar na focail a bhí sa mhír, an bhfuil siad firinscneach nó baininscneach?

an t-áitritheoir
an fhadhb
an plean
an t-árasán
an chóiríocht
an chaint
an saol

Ceist 4 ‘caol le caol agus leathan le leathan’

An riail is tábhachtaí sa Ghaeilge! Mura bhfuil an riail sin ar eolas agat ní bheidh tú in ann focail a litriú i gceart i nGaeilge choíche.

(a) Cad is brí leis an riail? Tabhair samplaí.

Cuir na deirí cearta leis na focail seo a bhí sa mhír:

mol _____ (-adh nó -idh)
fadhb _____ (-eanna nó -anna)
deir _____ (-eadh nó -adh)
dóit _____ (-áin nó -eáin)
cóir _____ (-ocht nó -íocht)
morgáist _____ (-í nó -aí)
cás _____ (-anna nó -eanna)
caint _____ (-anna nó -eanna)
cúit _____ (-eamh nó -amh)
a thréig _____ (-ean nó -an)

Ceist 5 Cén chanúint atá ag an mbeirt bhan sa mhír? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Déan plé ginearálta faoin scéal leis an rang, tar éis tamall a thabhairt do gach beirt plé a dhéanamh.

Ceist 2

1. Bréagach. Tá siad i mBaile Átha Cliath chun machnamh a dhéanamh ar mholadh an rialtais faoi na fadhbanna lóistín agus airgeadais atá acu.
2. Fíor.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach. 65 teaghlach a bhog.
6. Fíor.
7. Bréagach. Is é an rialtas a leag síos an moladh.
8. Fíor.
9. Fíor.

Ceist 3

- | | |
|-------------------------------------|------------------------------|
| 1. <i>inhabitant</i> : | áitritheoir |
| 2. <i>they are considering</i> : | ag déanamh a gcuid machnaimh |
| 3. <i>was submitted to them</i> : | a cuireadh faoina mbráid |
| 4. <i>write off mortgage</i> : | díscríobh ar mhorgáistí |
| 5. <i>hazard</i> : | guais |
| 6. <i>temporary accommodation</i> : | cóiríocht shealadach |
| 7. <i>advisors</i> : | comhairleoirí |
| 8. <i>exceptional cases</i> : | cásanna eisceachtúla |
| 9. <i>unanimous</i> : | d'aon ghuth |
| 10. <i>compensation</i> : | cúiteamh |

Ceist 3

A

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
An bord An cat	An bhean An ghrian
An t-uisce An t-am	An aois An áit
An siúcra An siúinéir	An tsráid An tsaoire

B

Bíonn séimhiú ar fhocail bhaininscneacha a thosaíonn le consan sa tuiseal ainmneach. Ní bhíonn aon séimhiú ar fhocail fhirinscneacha a thosaíonn le consan sa tuiseal ainmneach. Ní bhíonn aon séimhiú ar aon fhocal a thosaíonn le d,t,s,l,n sa tuiseal ainmneach.

Cuirtear **t**- le focail fhirinscneacha a thosaíonn le guta sa tuiseal ainmneach. Ní chuirtear aon ní ar fhocail bhaininscneacha a thosaíonn le guta sa tuiseal ainmneach.

Cuirtear **t** le focail bhaininscneacha a thosaíonn le s sa tuiseal ainmneach. Ní chuirtear aon ní ar fhocail fhirinscneacha a thosaíonn le s sa tuiseal ainmneach.

C

an t-áitritheoir (fir)
an fhadhb (bain)
an plean (fir)
an t-árasán (fir)
an chóiríocht (bain)
an chaint (bain)
an saol (fir)

Ceist 4

moladh
fadhbanna
deireadh
dóiteáin
cóiríocht
morgáistí
cásanna
cainteanna
cúiteamh
a tréigean

Ceist 5

Eimear Ní Chonaola – Canúint Chonnachta
Áine Ní Bhreisleáin – Canúint Uladh

Eimear Ní Chonaola

Tá áitritheoirí Priory Hall i mBaile Átha Cliath ag déanamh a gcuid machnaimh ar mholadh a cuireadh faoina mbráid le réiteach a fháil ar a gcuid fadhbanna lóistín agus airgeadais. Faoin bplean, dhéanfaí díscríobh ar mhorgáistí atá ag áitritheoirí agus thabharfaí iasachtaí nua dóibh le teach cónaithe eile a cheannach.

Áine Ní Bhreisleáin

I nDeireadh Fómhair 2011 fuarthas amach go raibh guais dóiteáin ag baint le hárasáin Priory Hall, a thóg an forbróir Tom McFeely i nDomhnach Míde. Bhí ar sheasca a cúig teaghlach bogadh amach as a gcuid árasán láithreach. Tá go leor acu ina gcónaí go fóill i gcóiríocht shealadach agus iad freagrach as morgáistí a bhí acu in Priory Hall, cé nach féidir leo cónaí ansin níos mó.

Inné, chas comhairleoirí dlí agus airgeadais ar son iar-áitritheoirí Priory Hall le chéile le plé a dhéanamh ar mholtaí an rialtais maidir le fadhbanna na ndaoine a chuir fúthu ansin a réiteach. Cé gur theip ar chainteanna leis na bancannaí¹ roimhe, d'aontaigh cúpla banc ó shin caitheamh le morgáistí Priory Hall mar chásanna eisceachtúla. Bhí morgáistí de idir €250,000 agus €275,000 ag áitritheoirí. Leag an rialtas síos tréimhse de thrí seachtaine² do na cainteanna seo. Táthar ag súil go nglacfar d'aon ghuth leis an mholadh úr a bhaineann le morgáistí a ligfeadh do na háitritheoirí socruithe úra a dhéanamh faoina gcuid lóistín agus bogadh ar aghaidh lena saol. Tuigtear áfach nach bhfuil rud ar bith sa socrú³ faoi chúiteamh a thabhairt do dhaoine mar gheall ar an strus a cuireadh orthu nuair a bhí orthu an bloc árasán a thréigean.

Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4

¹ *bainc* atá sa chaighdeán

² *trí sheachtainí a deirtear*

³ *sa tsocrú* a deirtear